C/2025/5532

14.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12154 — ADVENT / NEXTALIA / TINEXTA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5532)

1. An 2 Deireadh Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Advent International, L.P. ('Advent', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Nextalia SGR S.p.A. ('Nextalia', an Iodáil),

— Tinexta S.p.A. ('Tinexta', an Iodáil), faoi rialú Tecno Holding S.p.A. (an Iodáil) faoi láthair.

Gheobhaidh Advent agus Nextalia rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Tinexta ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 5 Lúnasa 2025.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir cothromais phríobháidigh é Advent a dhíríonn ar bhunanna cothromais a fháil agus ar chistí infheistíochta a bhainistiú in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear cúram sláinte, tionsclaíoch, teicneolaíocht, miondíol, fóillíocht, seirbhísí gnó agus airgeadais,

— Is cuideachta bainistíochta sócmhainní é Nextalia a infheistíonn go príomha i gcuideachtaí Iodálacha chun dlús a chur lena gconair fáis inbhuanaithe,

— Is cuideachta comhstoic é Tinexta a sholáthraíonn seirbhísí chun tacú leis an gclaochlú digiteach agus leis an nuálaíocht próiseas, a oibríonn trí thrí aonad ghnó: Iontaoibh Dhigiteach, Cibearshlándáil agus Nuálaíocht Ghnó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12154 — ADVENT / NEXTALIA / TINEXTA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË